An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 18/22**

**CO EUR 16**
**CONCL 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (24 Feabhra 2022)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

**Conclúidí ón gComhairle Eorpach**
**maidir leis an bhfogha míleata atá tugtha ag an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin**

1. Cáineann an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh an fogha míleata atá tugtha ag an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag an Rúis agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir go n-áirítear leis sin an ceart atá ag an Úcráin a cinniúint féin a roghnú. Is ar an Rúis atá an fhreagracht go huile agus go hiomlán as an bhfogha seo agus as an léirscrios agus an bás go léir a bheidh mar thoradh air. Tabharfar chun cuntais í as a cuid gníomhaíochtaí.

2. Éilíonn an Chomhairle Eorpach go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata atá ar siúl aici, go dtarraingeodh sí siar gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine ina hiomláine na fórsaí agus an trealamh míleata uile, agus go n-urramódh sí iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Rúis agus ar na foirmíochtaí armtha a bhfuil tacaíocht na Rúise acu an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú agus éirí as an bhfeachtas bréagaisnéise agus na cibirionsaithe atá ar bun acu.

3. Is olc leis an gComhairle Eorpach an bás tubaisteach agus an fhulaingt dhaonna atá mar thoradh ar an bhfogha atá tugtha ag an Rúis. Seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na mná, na fir agus na leanaí a bhfuil a saol curtha trína chéile ag an ionsaí dochosanta seo gan údar. Iarrann sí ar an Rúis agus ar na foirmíochtaí armtha a bhfuil tacaíocht na Rúise acu rochtain agus cúnamh daonnúil slán, gan bhac, a cheadú ar gach duine atá i ngátar.

4. Cáineann an Chomhairle Eorpach freisin go láidir rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha seo faoin Úcráin agus iarrann sí ar an mBealarúis a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

5. Tá an tAontas tar éis freagairt go pras agus go cinntitheach ar an aitheantas a thug an Rúis d'eintitis scarúnaíocha féinfhógartha na hÚcráine agus d'imscaradh a cuid fórsaí armtha, trí bhearta sriantacha a ghlacadh. Tá bearta sriantacha breise comhaontaithe inniu ag an gComhairle Eorpach, i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe agus ár gcomhghuaillithe trasatlantacha, bearta sriantacha a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ghnímh atá déanta aici. Cumhdaítear leis na smachtbhannaí sin an earnáil airgeadais, na hearnálacha fuinnimh agus iompair, earraí dé-úsáide, rialú onnmhairithe agus maoiniú onnmhairiúcháin, beartas víosaí, liostuithe breise Rúiseach aonair agus critéir nua liostúcháin. Glacfaidh an Chomhairle gan mhoill na tograí atá ullmhaithe ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí.

6. Iarrann an Chomhairle Eorpach go n-ullmhófaí agus go nglacfaí go beo pacáiste breise de smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha lena gcumhdófar an Bhealarúis freisin.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go huile is go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh de theorainneacha na tíre sin, ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta. Iarrann sé ar gach tír gan aitheantas a thabhairt don dá eintiteas scarúnaíocha fhéinfhógartha agus gan éascaíocht ar bith a dhéanamh dóibh ná cabhrú leo ar bhealach ar bith.

8. Tá an tAontas aontaithe ina dhlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus leanfaidh sé, in éineacht lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine, lena n-áirítear trí thacaíocht bhreise pholaitiúil, airgeadais, dhaonnúil agus lóistíochta agus trí chomhdháil idirnáisiúnta deontóirí. Ag eascairt as an gCinneadh a ghlac Ceannairí Stáit nó Rialtais an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2016, tugann an Chomhairle Eorpach aitheantas do thoilmhianta Eorpacha agus do rogha Eorpach na hÚcráine, mar a luaitear sa Chomhaontú Comhlachais.

9. Creideann an Chomhairle Eorpach go láidir nach leis an lámh láidir ná le comhéigean a athraítear teorainneacha sa 21ú haois. Is leis an idirphlé agus le taidhleoireacht, agus leo sin amháin is ceart teannas agus coinbhleacht a réiteach. Leanfaidh an tAontas den dlúthchomhar leis na comharsana agus athdhearbhaíonn sé a thacaíocht bhuanseasmhach do cheannasacht agus d'iomláine chríocha na Seoirsia agus Phoblacht na Moldóive agus a thiomanta atá sé dóibh. Leanfaidh sé de bheith ag comhordú go láidir leis na comhpháirtithe agus na comhghuaillithe atá aige, laistigh de na Náisiúin Aontaithe, ESCE, ECAT agus G7.

10. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn san obair ar ullmhacht agus toilteanas ar gach leibhéal agus iarrann sí ar an gCoimisiún, go háirithe, bearta teagmhasacha a mholadh, lena n-áirítear maidir le cúrsaí fuinnimh.

11. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.